Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15463/24**

**SOC 822**
**EMPL 561**
**EDUC 413**
**JEUN 274**
**ECOFIN 1277**
**COMPET 1092**
**MI 916**
**MIGR 404**
**DIGIT 224**
**ENV 1097**
**FISC 219**
**SAN 643**
**GENDER 246**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle le ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas: Acmhainneacht saothair neamhshaothraithe a shlógadh san Aontas Eorpach<br>- Formheas |

1. D'ullmhaigh an Uachtaránacht sraith dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le 'ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas: Acmhainneacht saothair neamhshaothraithe a shlógadh san Aontas Eorpach'.

2. Scrúdaigh an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta na conclúidí sin an 8 Iúil, an 17 Meán Fómhair agus an 21 Deireadh Fómhair 2024. Tar éis comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn, thángthas ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an téacs, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe na dréachtchonclúidí san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí lena bhformheas ag an seisiún a bheidh aici an 2 Nollaig 2024.

**Ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas:**
**Acmhainneacht saothair neamhshaothraithe a shlógadh san Aontas Eorpach**
**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á ADMHÁIL AICI:**

1. Is bac tromchúiseach iad ganntanais lucht saothair agus scileanna ar fhás inbhuanaithe cuimsitheach an Aontais, ar a iomaíochas, agus ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach. Thairis sin, cé nach ionann an tionchar a bhíonn acu ar na hearnálacha agus na Ballstáit éagsúla, is féidir leo cur isteach ar athléimneacht fhoriomlán an Aontais agus ar a chuid iarrachtaí chun feabhas a chur ar a uathriail straitéiseach oscailte agus ar a shlándáil.[1] Tá sé tábhachtach anailís chríochnúil a dhéanamh ar céard is cúis leis na ganntanais leanúnacha chun teacht ar na bealaí is fearr chun iad a bhainistiú.

2. Trí aghaidh a thabhairt ar na ganntanais saothair agus scileanna, cuirfear borradh faoi acmhainneacht nuálaíochta an Aontais agus faoina tharraingteacht i dtaobh infheistíochtaí, cothófar a bhonn tionsclaíoch, agus cuirfear feabhas ar a iomaíochas. Rannchuideoidh sé sin freisin le córais cosanta sóisialta an Aontais agus a chomhtháthú sóisialta foriomlán a chaomhnú.[2]

---

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas Eorpach: plean gníomhaíochta (8153/24, lch. 23).

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas Eorpach: plean gníomhaíochta (8153/24, lch. 23).

3. Bunaithe ar an bhfianaise agus ar an anailís shubstaintiúil a cuireadh ar fáil in athbhreithniú bliantúil 2023 ar Fhostaíocht agus ar Fhorbairtí Sóisialta san Eoraip dar teideal *Addressing labour shortages and skills gaps in the EU* [Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus ar bhearnaí scileanna san Aontas][3], sainaithníodh 3 phríomhthoisc a spreagann ganntanais lucht saothair agus scileanna ar fud an Aontais Eorpaigh i bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas: (1) athrú déimeagrafach, rud a laghdaíonn an soláthar saothair agus a mhéadaíonn an t-éileamh ar sheirbhísí áirithe; (2) fás substaintiúil na bpost a mheastar a bheidh ann de bharr an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, an gá méadaithe le slándáil agus an tóir ar uathriail straitéiseach oscailte agus ar athléimneacht fheabhsaithe, agus iarmhairtí an mhéid sin maidir leis na tacair scileanna a bheidh ag teastáil sa mhargadh saothair; agus (3) drochdhálaí oibre i ngairmeacha agus in earnálacha áirithe, rud a fhágann go bhfuil sé deacair folúntais a líonadh agus/nó oibrithe a choinneáil.[4]

4. Chun aghaidh a thabhairt ar an éileamh ar shaothar agus ar scileanna nach bhfuiltear ag freastal air, sa bhreis ar dhíriú ar dhaoine dífhostaithe, ba cheart na bearta ábhartha a dhíriú freisin ar oibrithe tearcfhostaithe agus a bheith ina dtaca dóibh, lena n-áirítear oibrithe páirtaimseartha ainneonacha, chomh maith le daoine neamhghníomhacha in aois oibre, go háirithe grúpaí atá faoi ghannionadaíocht sa mhargadh saothair, lena n-áirítear trí dheiseanna uas-scilithe agus athscilithe a sholáthar i réimsí ina bhfuil riachtanais shainaitheanta mhargadh an tsaothair.

5. Léiríonn na treochtaí déimeagrafacha reatha agus réamh-mheasta agus na hathruithe struchtúracha ar mhargadh an tsaothair, léiríonn siad a thábhachtaí atá socruithe solúbtha oibre agus deiseanna fostaíochta cuimsitheacha, dálaí oibre ar ardchaighdeán, oiliúint agus forbairt scileanna chun oibrithe a choinneáil agus níos mó daoine a mhealladh isteach i margadh an tsaothair ar bhealach inbhuanaithe.

---

3 Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip in 2023: Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus ar bhearnaí scileanna.

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas Eorpach: plean gníomhaíochta (8153/24, lch. 2).

**AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI:**

6. Ceann de na príomhspriocanna[5] a leagtar síos i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[6] is ea ráta fostaíochta 78 % a bhaint amach faoi 2030. Cé gur féidir an sprioc sin a bhaint amach, tá gá le tuilleadh céimeanna ar gach leibhéal chun na grúpaí faoi ghannionadaíocht a ghníomhachtú agus chun níos mó daoine a mhealladh isteach sa mhargadh saothair.

7. Tá an tacar uirlisí beartais a áirítear sa Bhosca Uirlisí Déimeagrafaíochta a ghlac an Coimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2023 ar fáil do na Ballstáit chun an t-athrú déimeagrafach agus na tionchair a bhaineann leis a bhainistiú. Leis an mBosca Uirlisí Déimeagrafaíochta, leagtar síos cur chuige cuimsitheach atá bunaithe ar cheithre cholún chun aghaidh a thabhairt ar an athrú déimeagrafach: (1) mianta teaghlaigh agus obair íoctha a thabhairt chun réitigh ar bhealach níos fearr, go háirithe trí rochtain ar chúram leanaí ar ardchaighdeán agus cothromaíocht mhaith oibre is saoil a áirithiú, d'fhonn comhionannas inscne a chothú; (2) tacú leis na glúnta óga le go mbeadh rath orthu agus iad a chumhachtú, a gcuid scileanna a fhorbairt, a rochtain ar mhargadh an tsaothair agus ar thithíocht inacmhainne a éascú; (3) na glúnta scothaosta a chumhachtú agus a leas a chothú trí athchóirithe mar aon le beartais iomchuí maidir le margadh an tsaothair agus maidir leis an áit oibre; (4) i gcás inar gá, cuidiú le ganntanais lucht saothair a líonadh trí imirce dhleathach bhainistithe i gcomhlántacht iomlán le leas a bhaint as buanna ó laistigh den Aontas[7]. Ag Comhairle an 12 Nollaig 2023, ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an cur chuige sin maidir leis an athrú déimeagrafach a bhainistiú agus leag siad béim ar an ngá atá le tuilleadh gníomhaíochta trí iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun an t-athrú déimeagrafach agus a thionchar ar an iomaíochas, ar an gcaipiteal daonna agus ar an gcomhionannas a léiriú[8].

---

[5] Is iad seo a leanas an dá phríomhsprioc eile: (i) 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile a bheith rannpháirteach in oiliúint gach bliain agus (ii) líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a laghdú 15 mhilliún faoi 2030.

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (6649/21, lch. 6).

[7] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta (14191/23, lch. 1).

[8] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an athrú déimeagrafach a bhainistiú san Eoraip (16754/23, lch. 2).

8. Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach agus na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha tiomanta gníomhaíocht a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na nganntanas lucht saothair agus scileanna, faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach ach i ndlúthchomhar le chéile, mar a dearbhaíodh i nDearbhú Tríthaobhach Val Duchesse le haghaidh Idirphlé Sóisialta Eorpach Rathúil an 31ú Eanáir 2024[9].

9. Is é is aidhm do Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh maidir le ganntanais saothair agus scileanna san Aontas Eorpach, an 20 Márta 2024, bearta ábhartha a stiúradh sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, trí chéimeanna nithiúla breise a ghníomhachtú don Aontas, do na Ballstáit agus do na comhpháirtithe sóisialta chun dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as ganntanais saothair agus scileanna[10].

**AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR AN MÉID A LEANAS:**

10. Is gnéithe riachtanacha den fhás inbhuanaithe cuimsitheach iad margadh saothair dea-fheidhmiúil agus dálaí maithe oibre. Áirithítear leo go gcomhlíontar éilimh saothair na ngnólachtaí agus riachtanais na n-oibrithe, agus spreagann siad an fhostaíocht, méadaíonn siad an táirgiúlacht, cuireann siad deiseanna ardchaighdeáin oibre ar fáil agus cuidíonn siad le hoibrithe agus le cuardaitheoirí poist iad féin a chur in oiriúint d’athruithe trí chothromaíocht idir an tslándáil agus an tsolúbthacht a bhaint amach.

11. Tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh i scileanna na n-oibrithe ar feadh na saolré iomláine chun torthaí níos fearr a bhaint amach sa mhargadh saothair ó thaobh líon agus cháilíocht na bpost de. Aithníodh é sin i dTuarascáil Draghi a foilsíodh le déanaí, inar leagadh béim freisin ar an ról atá ag scileanna agus an oiliúint, agus ar a thábhachtaí atá sé don Aontas athmheasúnú a dhéanamh ar a chur chuige i leith scileanna chun iomaíochas agus táirgiúlacht a mhéadú. Luaitear sa tuarascáil go bhfuil gá le straitéis atá dírithe ar an todhchaí agus ar na ganntanais scileanna atá ag teacht chun cinn, nach mór do chórais oideachais agus oiliúna freagairt níos fearr d’éilimh athraitheacha scileanna agus gur cheart aird ar leith a thabhairt ar an oideachas aosach, rud atá riachtanach chun scileanna oibrithe a athnuachan ar bhonn leanúnach.

---

**9** 5687/24.

**10** Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas Eorpach: plean gníomhaíochta (8153/24, lch. 1).

12. Tá athruithe teicneolaíochta, an t-uathoibriú, an digiteáil, an intleacht shaorga agus an t-aistriú glas tar éis tionchar mór a imirt ar shaol na hoibre cheana féin, agus leanfar den tionchar sin sna blianta amach romhainn, lena n-áirítear tionchar ar dheiseanna fostaíochta agus struchtúr agus ábhar na ngairmeacha, ceanglais scileanna, cáilíocht na hoibre agus táirgiúlacht.

13. I measc na dtosca is bun le ganntanais lucht saothair, is tuarthóirí suntasacha maidir leis an dóchúlacht go mbeidh duine rannpháirteach sa mhargadh saothair iad saintréithe aonair, cuir i gcás aois agus an leibhéal is airde oideachais a bhaintear amach. Tá patrúin chomhchosúla ann i dtíortha éagsúla maidir le tionchar cinntitheach na saintréithe sin ar an rannpháirtíocht sa mhargadh saothair.[11]

14. Saoirse bhunúsach do shaoránaigh an Aontais is ea saorghluaiseacht oibrithe agus is breisluach suntasach í don mhargadh inmheánach. Tá ról suntasach ag an tsoghluaisteacht saothair san Aontas ó thaobh aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna i roinnt earnálacha agus i gcríocha áirithe den Aontas. Mar sin féin, maítear i dtuarascáil Letta[12] freisin go dtréigeann líon suntasach d’oibrithe ardoilte nó daoine óga ardoilte réigiúin nó tíortha áirithe ar thóir deiseanna poist agus oideachais, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le feiniméan ar a dtugtar go minic ‘imirce daoine oilte’. I dteannta treochtaí déimeagrafacha, d’fhéadfadh laghdú géar ar an daonra in aois oibre a bheith mar thoradh air sin i réigiúin áirithe, rud a chuirfeadh isteach, ar deireadh, ar a n-acmhainneacht eacnamaíoch.

---

**11** Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip in 2023: Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus ar bhearnaí scileanna (lch. 67).

**12** Enrico Letta: *Much more than a market* [Margadh thar an gCoitiantacht] (lch. 93.)

15. Is den ríthábhacht rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú má táthar le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna. D'ainneoin feabhsuithe leanúnacha ar ráta fostaíochta an Aontais, tá acmhainneacht neamhshaothraithe shubstaintiúil fós lasmuigh den mhargadh saothair[13]. D'fhéadfaí tuilleadh gnóthachan a bhaint amach i ndáil leis an rannpháirtíocht sa mhargadh saothair ach an daonra neamhghníomhach in aois oibre agus, go háirithe, grúpaí faoi ghannionadaíocht sa mhargadh saothair a ghníomhachtú (lena n-áirítear, i measc grúpaí eile, mná, oibrithe ar bheagán oiliúna, oibrithe scothaosta, daoine óga, daoine ar de bhunadh imirceach nó de bhunadh mionlach ciníoch nó eitneach iad, agus daoine faoi mhíchumas[14]), lena n-éilítear bearta chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní aonair agus struchtúracha ar an rannpháirtíocht sa mhargadh saothair.

16. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le ganntanais lucht saothair, ní mór aird ar leith a thabhairt ar dhaoine óga a lánpháirtiú ar bhealach níos fearr i margadh an tsaothair, *inter alia*, trí chomhairleoireacht spriocdhírithe agus seirbhísí tacaíochta a thairiscint agus trí thacú leis an aistriú ón oideachas agus ón oiliúint go dtí an fhostaíocht chomh maith le deiseanna do phrintíseachtaí ar ardchaighdeán agus don fhoghlaim obairbhunaithe, agus dálaí oibre leormhaithe á n-áirithiú ag an am céanna. Tá an dlúthpháirtíocht idir na glúnta ríthábhachtach freisin chun an rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a éascú, mar shampla trí thairbhe a bhaint as an bhféidearthacht atá ann, más ann di, scileanna agus eolas a thabhairt ar aghaidh agus a bhabhtáil idir oibrithe níos sine agus oibrithe níos óige.

17. Is ísle rátaí fostaíochta na mban agus is airde i bhfad an sciar díobh atá fostaithe go páirtaimseartha ná mar atá i gcás na bhfear, mar gheall, den chuid is mó, ar chomhroinnt mhíchothrom na hoibre cúraim gan phá agus na hoibre tí idir mná agus fir. Tá sé ríthábhachtach go méadófaí rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair, agus go rachfaí i ngleic le steiréitíopaí inscne má táthar chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus chun rannchuidiú leis an gcomhionannas inscne.

18. I gcás daoine de bhunadh imirceach, nó de bhunadh mionlach ciníoch nó eitneach, d'fhéadfadh dúshláin a bheith ann dóibh lánpháirtiú i margadh an tsaothair de dheasca mímheaitseáil scileanna, deacrachtaí teanga, idirdhealú agus rochtain fhánach nó easpa rochtana a bheith acu ar sheirbhísí tacaíochta. Féadfar feabhas a chur ar a lánpháirtiú i margadh an tsaothair agus cuidiú le dul i ngleic le ganntanais lucht saothair in earnálacha éagsúla ach aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

---

[13] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas Eorpach: plean gníomhaíochta (8153/24, lch. 3).

[14] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas Eorpach: plean gníomhaíochta (8153/24, lch. 3).

19. Is minic nach mbíonn teacht ag daoine faoi mhíchumas ar chóiríocht réasúnta san ionad oibre[15], ar phróisis chuimsitheacha earcaíochta ná ar oideachas agus oiliúint inrochtana. Is fearr a bheadh rannpháirtíocht an ghrúpa sin i margadh an tsaothair ach a dtabharfaí aghaidh ar na dúshláin sin agus chuideodh sé le tairbhe a bhaint as an acmhainneacht neamhshaothraithe saothair sin san Aontas Eorpach.

20. Agus riachtanais na nglúnta scothaosta á gcur san áireamh, ba cheart bearta spriocdhírithe a fhorbairt freisin chun tacú le hoibrithe scothaosta fanacht níos sia i mbun fostaíochta nó a n-aghaidh a thabhairt an athuair ar mhargadh an tsaothair. Ar na bearta spriocdhírithe sin d'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh: cur chun cinn na sláinte, infheistiú sa chúram sláinte, deiseanna uas-scilithe agus athscilithe chomh maith le dreasachtaí sna córais pinsean le haghaidh saol oibre níos faide agus socruithe níos solúbtha maidir le huaireanta oibre agus dálaí níos fearr oibre; thairis sin, ba cheart dul i ngleic freisin leis an idirdhealú ar bhonn aoise.

21. Má táthar leis na rátaí fostaíochta a ardú agus más uainn nach mairfeadh na ganntanais lucht saothair seasta, tá sé tábhachtach freisin infhostaitheacht, inoiriúnaitheacht agus gníomhaíocht na n-oibrithe a chothú agus tacú leo sin agus tacú le cumas na ngnólachtaí foghlaim agus oiriúnú, i bhfianaise na n-athruithe teicneolaíochta atá ar bun cheana agus iad siúd atá romhainn.

22. Ní mór béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé oiliúint agus scileanna na n-oibrithe a fhorbairt. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an t-oideachas agus an oiliúint atá de dhíth ar mhargadh an tsaothair ar fáil do chách agus go mbeadh ar chumas na struchtúr agus na soláthraithe oideachais agus oiliúna athruithe a fhreagairt go gasta agus go hiomchuí.

23. Tá ról nach beag ag na fiontair agus ag na comhpháirtithe sóisialta maidir leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh fostaíochta a aithint, go háirithe i gcomhthéacs an aistrithe ghlais agus dhigitigh, a éilíonn go ndéanfaí an chumarsáid agus an comhar gníomhach idir na hinstitiúidí oideachais agus oiliúna agus na fostóirí a fhorbairt agus go dtacófaí leo, agus freisin go dtabharfaí aghaidh ar dhrochdhálaí oibre mar atá in earnálacha agus i ngairmeacha áirithe.

---

[15] Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, Airteagal 27, pointe (i).

24. A mhéid a bhaineann le folláine intinne agus coirp na n-oibrithe a chaomhnú, agus fad a chur lena saol gníomhach oibre, bíonn ról nach beag ag dálaí cuibhiúla córa oibre, lena n-áirítear go háirithe pá leordhóthanach, pá comhionann as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach, socruithe solúbtha oibre agus cur chun cinn na cothromaíochta oibre is saoil, timpeallacht mhaith oibre, forálacha maidir le cóiríocht réasúnta ag an obair, sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus cáilíocht na fostaíochta agus freisin rochtain ar chosaint shóisialta leormhaith, agus is tosca bunriachtanacha iad i dtaobh mhéadú na táirgiúlachta agus an iomaíochais.

25. Chun féachaint chuige go gcuimseofar grúpaí faoi mhíbhuntáiste san fhostaíocht ar bhonn seasmhach, ní mór an cúnamh maidir le cuardach poist agus beartais athscilithe a fheabhsú, trí réitigh dhigiteacha más ábhartha. Tá ról tábhachtach ag na cigireachtaí náisiúnta saothair maidir le dul i ngleic le gach cineál oibre neamhdhleathaí agus gach cineál córa neamhionainne, rud a dhéanfadh difear do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus tá ról tábhachtach acu freisin maidir le dálaí cuibhiúla oibre a chur chun cinn.

26. Agus na cuspóirí sin á mbaint amach, is mórthosaíocht chothrománach é go dtreiseofaí le hacmhainn na seirbhísí fostaíochta fónamh don gheilleagar agus tacaíocht shaincheaptha fostaíochta a chur ar fáil go tráthúil, agus go dtreiseofaí freisin le hacmhainn seirbhísí eile an acmhainneacht neamhshaothraithe saothair a chur i mbun gnímh sa chaoi is gur fusa do dhaoine dul isteach i margadh an tsaothair agus aistriú thart ann, agus gur fearr a bheifí in ann na scileanna atá ag daoine a mheaitseáil ar mhargadh saothair an Aontais, agus leas iomlán á bhaint as obair anailíse ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais agus líonra EURES. Ciallaíonn sin freisin go gcaithfear treisiú le raon feidhme agus le héifeachtacht bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair trí chruinneas a spriocdhírithe a fheabhsú, trí chur leis an bhfor-rochtain agus leis an gcumhdach a ghabhann leo agus trína nascadh níos fearr leis na seirbhísí sóisialta agus na seirbhísí don óige, leis an oiliúint, le soláthraithe oideachais, le hoibrithe agus le fostóirí. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí seirbhísí fostaíochta agus seirbhísí sóisialta le chéile i gcur chuige an chuimsithe ghníomhaigh má táthar le tacú leo siúd atá faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair.

27. Is príomhionstraim é an t-idirphlé sóisialta, lena n-áirítear an chómhargáil, ar gach leibhéal, chun dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as ganntanais lucht saothair agus scileanna.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh acu, agus urraim á tabhairt ag an am céanna do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

28. Leanúint de bheartais fostaíochta, beartais scileanna agus beartais shóisialta atá cuimsitheach agus uileghabhálach a fhorbairt, ar beartais iad atá ceaptha é a éascú do dhaoine dul isteach i margadh an tsaothair agus aistriú thart ann, agus é a éascú fostaíocht a choinneáil, agus cuidiú le hoibrithe, le cuardaitheoirí poist agus le fostóirí iad féin a chur in oiriúint do riachtanais athraitheacha mhargadh an tsaothair, mar shampla ganntanais lucht saothair agus scileanna i bhfianaise an athraithe dhéimeagrafaigh agus an aistrithe ghlais agus dhigitigh, trí bhíthin deiseanna atreisithe uas-scilithe agus foghlama ar feadh an tsaoil go háirithe.

29. Bearta a chur chun feidhme chun rochtain ar mhargadh an tsaothair agus lánpháirtiú daoine óga a chothú, trí aird ar leith a thabhairt freisin ar dhaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) a chur i mbun gnímh agus a uas-sciliú agus a athsciliú, agus cur chun feidhme na Ráthaíochta treisithe don Aos Óg a fheabhsú a thuilleadh i ndáil leis an méid sin.

30. A ndícheall a dhéanamh na riachtanais shonracha atá ag oibrithe scothaosta a fhiosrú agus breathnú orthu arís eile, chun na bacainní atá orthu ó thaobh na fostaíochta de a laghdú agus chun a chur ar a gcumas fanacht níos sia i margadh an tsaothair agus sláinte mhaith acu nó filleadh ar an obair.

31. Féachaint le tairbhe a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe saothair na mban trí dhul i ngleic leis na bearnaí fostaíochta agus na bearnaí pá idir na hinscní, trí steiréitíopaí inscne a chomhrac agus trí thabhairt chun réitigh mianta teaghlaigh agus obair íoctha a chothú, chomh maith leis an gcomhroinnt chothrom freagrachtaí cúraim agus oibre tí idir mná agus fir, agus tacú le cúramóirí neamhfhoirmiúla go mór mór trí fhéachaint chuige go mbeidh teacht acu ar oideachas agus cúram luath-óige atá ar ardchaighdeán agus inacmhainne, ar sheirbhísí cúraim othair sheachtraigh agus ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh do dhaoine scothaosta agus cothromaíocht mhaith oibre is saoil, d'fhonn comhionannas inscne agus cothromaíocht mhaith oibre is saoil a chothú.

32. Díriú ar thacú le daoine faoi mhíchumas ionas gur fearr a éireoidh leo i margadh an tsaothair.

33. Leas iomlán a bhaint as ionstraimí cistiúcháin ábhartha an Aontais, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), chun tacú le bearta atá dírithe ar an rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a mhéadú agus chun na bearta sin a mhaoiniú.

34. Leanúint d'uirlisí faireacháin agus réamhaisnéise scileanna a fhorbairt chun na riachtanais scileanna a bheidh ann amach anseo i margadh an tsaothair a thuar.

35. Treisiú le ról na straitéisí agus na seirbhísí gairmthreorach ar feadh an tsaoil chun tacú le daoine agus le fostóirí cinntí a dhéanamh maidir lena ngairmeacha beatha, agus iad faoi threoir faisnéis ardcháilíochta gairme agus réamhaisnéisí ardcháilíochta scileanna.

36. Treisiú arís eile leis na seirbhísí fostaíochta lena chur ar a gcumas an cúltaca lucht saothair san Aontas, beag beann ar aois, a mhapáil, freastal air agus é a chur i mbun gnímh, lena n-áirítear trí thacú leis an bhfoghlaim ag an obair.

37. Iarracht a dhéanamh an tsláinte agus an tsábháilteacht ag an obair a fheabhsú, go speisialta trí aghaidh a thabhairt ar an meabhairshláinte, ar rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair agus ar an dea-bhail ag an obair.

38. Dálaí cuibhiúla córa oibre agus fostaíocht ar bhonn seasmhach a chur chun cinn.

39. Leanúint den idirphlé sóisialta a neartú agus cómhargáil éifeachtach a chumasú, agus ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á n-urramú ag an am céanna, chun dálaí oibre a fheabhsú agus chun dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as ganntanais lucht saothair agus scileanna.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh acu, agus urraim á tabhairt ag an am céanna do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

40. Comhleanúnachas beartais a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le ganntanais lucht saothair agus scileanna ar bhealach comhleanúnach, inbhuanaithe.

41. Feabhas a chur ar an réamhaisnéis lucht saothair agus scileanna agus ar bhailiú agus anailísiú sonraí i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais chun raon feidhme na faisnéise inchomparáide maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna a leathnú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. I gcás inarb iomchuí, ba cheart na sonraí sin a bheith poiblí.

42. Breathnú arís eile ar a mhéad a chuideodh teicneolaíochtaí nua agus modhanna nua oibre le deiseanna a chruthú le haghaidh rannpháirtíocht agus cuimsiú i margadh an tsaothair, agus na rioscaí lena mbaineann á maolú ag an am céanna, agus freisin dálaí córa ardcháilíochta oibre á soláthar mar aon le cosaint shóisialta leormhaith.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA AGUS AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

43. Leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna agus ar dhúshláin ghaolmhara san Aontas i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, lena n-áirítear trí phlé téamach a dhéanamh, le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, chun comhroinnt eolais agus dea-chleachtas a chur chun cinn i measc na mBallstát maidir le dul i ngleic le ganntanais lucht saothair agus scileanna.

44. Agus iad i mbun a gcuid cúraimí faireacháin, béim ar leith a leagan ar na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ag beartais mhargaidh an tsaothair agus bearta eile maidir le cúltaca mhargadh an tsaothair a chur i mbun gnímh.

45. Anailís agus mionléiriú breise a dhéanamh ar thionchair an digitithe agus na dteicneolaíochtaí uathoibrithe, lena n-áirítear an intleacht shaorga agus an t-aistriú glas, ar mhargadh an tsaothair, go háirithe ar an bhfostaíocht agus ar dhálaí oibre.